# Mo Leabhar Gaeilge Rang 3



6ú – 24ú Aibreán 2020

(6th-24th April 2020)

# <u>Daily Activities</u>

<u>Spellings:</u> Week 3 - *Please message Múinteoir Aisling via ClassDojo if you need help with pronunciation or translation.*

<u>Reading:</u>

**Irish – Monday, Wednesday and Friday** -Seideán Sí – https://seideansi.ie/rang1.php Copy and paste this link to your browser and play Irish reading games

**English – Tuesday&Thursday**– Teach Your Monster to Read & Lexia App

<u>Phonics:</u>

**Irish**

- Download the free Cód na Gaeilge app and play at least one game per day

- Complete 1 page of Cód na Gaeilge book per day

**English**

-Complete 1 page of CVC booklet every day

<u>Key Words:</u> Visit Féasta Focal website and complete at least one activity per day to consolidate key words.

06/04/20

# Poncaíocht

Please read the following sentences in Irish. Copy out adding full stops, capital letters and question marks where they are needed.

1. is maith liom bheith ag súgradh ar an sleamhnán dearg sa pháirc
2. tá carr mór gorm ar an sráid agus tá rotha móra air
3. d'amharc mé amach an fhuinneog agus chonaic mé cat beag dubh sa ghairdín
4. an maith leat seacláid a ithe
5. an bhfuil hata agat
6. chonaic mé maddah mór donn ar chúl an tí inniu
7. ba mhaith liom ubh seacláide blasta don Cháisc
8. tá an aimsir deas inniu agus tá an ghrian ag soilsiú

Listen to the story here: https://drive.google.com/drive/u/0/my-drive

## Coinín na Cásca

07/04/20

Mhúscáil Cara Coinín go luath. Lá speisialta a bhí ann – an lá roimh an Cháisc! Bhí lá mór roimh Cara agus a cairde. Coinín speisialta a bhí inti. Bhí a fionnadh bándearg agus bhí cluasa móra fada uirthi. Bhí post speisialta ag Cara fosta – Coinín na Cásca. Gach bliain, chuaigh Cara Coinín chuig gach teach i nDoire le huibheacha deasa do na páistí maithe. Chuidigh a cairde léi. Gabaí Gé a rinne na huibheacha seacláide agus Dónall Damhan Alla a rinne na clúdacha speisialta dóibh.

1. Ar mhúscáil Cara go luath ar maidin?

2. Cén lá a bhí ann?

3. Cén dath a bhí ar Chara Coinín?

4. Cén sort cluasa a bhí uirthi?

5. Cad é an post a bhí ag Cara?

6. Cad é an t-ainm atá ar chairde Cara?

a)______________________________

b)______________________________



# <u>Tarraing Ubh Cásca</u>


08/04/20

Read the instructions **<u>carefully</u>** to draw the Easter Egg. Encourage children to think carefully about the whole instruction before they start drawing. This is a good reading/listening skills activity. Take the instructions one at a time!
*(English translations at the bottom)*



https://drive.google.com/drive/u/0/my-drive

1. Tarraing ubhchruth mór ar leathanach.
2. Tarraing ríbín ar an ubh. Déan an ríbín **trasna** an lár!
3. Tarraing spotaí ar an ribín. Dathaigh cuid acu buí agus cuid acu glas.
4. Dathaigh an chuid eile den ribín le dath a thosnaíonn le 'g'.
5. Tarraing striopaí ar an leath ag an bharr. Dathaigh bándearg agus corcra iad – déan patrúin leantach!
6. Ar an leath ag an bhun, tarraing coinín. Tá ciseán ag an choinín agus hata dearg air.
7. Tarraing uibheacha beaga in aice leis an cheann mór.
8. Tarraing patrún s'agat féin orthu agus dathaigh iad.
9. Labhair faoi: Cad é atá mar a gcéanna faoi na huibheacha? Cad é atá difriúil?



1. Draw a large egg shape on your page.
2. Draw a ribbon on the egg. Draw the ribbon **across** the middle.
3. Draw spots on the ribbon. Colour some spots yellow and some spots green.
4. Colour the rest of the ribbon in a colour starting with 'g'.
5. Draw stripes on the top half of the egg. Colour them pink and purple – use a repeating pattern!
6. On the bottom of the egg, draw a rabbit The rabbit has a basket and a red hat.
7. Draw some smaller eggs beside the big one.
8. Draw and colour your own patterns on the smaller eggs.
9. Discuss: What is the same about all the eggs? What is different? Which is your favourite and why?

# <u>Mo Nuacht / My News</u>

20/04/20

Scríobh faoi na rudaí a rinne tú sa teach nó sa ghairdín thar Saoire na Cásca. *(Write about the things you did in the house or garden over the Easter Break)*

Cuimhnigh/***Remember***:

- Lánstaid *(full stops)*
- Ceannlitreacha *(capital letters)*
- Paragraif *(paragraphs)*

** PARENTS – Encourge pupils to use 'Snas ar Scéal' to help them write in Irish**

<u>Useful words:</u>

**ag cuidiú** – helping – *igg cudge-oo*

**ag glanadh** – cleaning – *igg glann-oo*

**ag súgradh** – playing – *igg soo-groo*

**ag dathú isteach** – colouring in – *igg da-hoo iss-chock*

**ar lorg uibheacha Cásca** – searching for Easter eggs! – *air lor-igg iv-aha kas-ka*

**seacláid** – chocolate – *shack-lidge*

**teaghlach** – family – *chow-lah*


<u>Saolré an Fhroig</u>

21/04/20


We are learning all about Life Cycles of animals during this term. Please see below for an activity about the life cycle of the frog.

Children can also play an interactive life cycle game by clicking the link below:

http://mrcrammond.com/games/science/froglifecycle.swf



<u>Saolré an Fhroig (</u>*"sail-ray an rogg")*




Ask the children to use the language on this poster to draw their own frog life cycles. Be as creative as you like!

**Bun go Barr**

22/04/20

Comprehension activity:

1. Ask children to look at the pictures and copy out the sentences.
2. Put √ or x beside each sentence to show if it is 'Fíor' (*feer* – true) or 'Bréagach' (*bray-ga* – false)



## Bun go Barr


23/04/20

Use the numbers and letters in the top box to 'Break the Code.'

Write the word and draw a picture to show you understand.

E **Bris an cód. Scríobh. Tarraing.**

| a | á | b | c | d | e | f | g | i | l | m | n | o | ó | R | r | s | t |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 |



4 9 17 6 2 12

3 9 1 11 1 5 16 1

4 16 13 17 18 1

1 8 18 1 7 1 12 12

17 2 17 18 1

9 17 11 9 17 6 15 14 10 14

**Taisce Tuisceana**

24/04/20

Comprehension activity:

Listen to the story twice. Listen to the questions and choose the correct answer. [https://drive.google.com/drive/u/0/my-drive](https://drive.google.com/drive/u/0/my-drive)

# An tEarrach

Is séasúr an-speisialta é an t-earrach. Tá an geimhreadh fuar fada thart. Tagann athrú ar gach rud. Éiríonn an aimsir níos fearr agus tosaíonn na plandaí ag fás. Bíonn dathanna galánta ar na bláthanna. Bíonn **lus an chromchinn** agus **nóiníní** le feiceáil sna gairdíní agus sna páirceanna. Fásann **duilleoga** ar na crainn fosta.

Bíonn babaithe ag cuid mhór ainmhithe. Bíonn **uain** ag na caoirigh, mar shampla. Thig linn na huain óga a fheiceáil ag rith thart sna páirceanna. Tógann na héin **nead** san earrach agus ansin bíonn éin bheaga acu. Is fuath liom an geimhreadh. Is é an t-earrach an séasúr is fearr liom. Is breá liom na bláthanna galánta agus na hainmhithe óga a fheiceáil. Cuireann sin áthas mór orm.



# Ceisteanna

1. **Cá huair a bhíonn an t-earrach ann?**
   (a) Nuair a thagann an sneachta
   (b) I ndiaidh an gheimhridh
   (c) Ag an Nollaig

2. **Cad é atá speisialta faoin earrach?**
   (a) Athraíonn gach rud
   (b) Éiríonn sé fuar
   (c) Imíonn na héin

3. **Cad é a tharlaíonn do na plandaí?**
   (a) Fásann siad
   (b) Faigheann siad bás
   (c) Imíonn na dathanna

4. **Cá háit a mbíonn nóiníní le feiceáil?**
   (a) Sna siopaí
   (b) Sna páirceanna
   (c) Sa spéir

5. **Cad é a thógann na héin san earrach?**
   (a) Nead
   (b) Nóiníní
   (c) Uain

6. **Nuair a thagann an t-earrach bíonn an scríbhneoir:**
   (a) feargach.
   (b) sásta.
   (c) brónach.